

An Colún ar an Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid: Léargas Ginearálta

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh (lgh. 56-57 agus 103-106), Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 28, 30, 42)

Caighdeán Síolta

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
2: Timpeallachtaí, C2.1, 2.2, 2.3, 2.5, 2.6, 2.7
Achoimrí Taighde nasctha leis na Caighdeáin thuas

Tá sé mar aidhm ag Treoir Chleachtais Aistear Síolta cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag an earnáil ar Aistear agus ar Síolta a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- na **6 Cholún Curaclaim Idirnasctha**:
 1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
 2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
 3. Foghlaim trí mheán an tsúgartha
 4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
 5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear
 6. Tacú le hAistrithe.

Tugtar léargas ginearálta ar an gcolún **An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid** sa cháipéis seo. Tá réimse acmhainní ag baint leis an gcolún seo atá ceaptha le cabhrú leat an timpeallacht foghlama a fhorbairt i do shuíomh.

Roimh dhul i mbun oibre ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar Bhunchlocha an Churaclaim.

Cén fáth díriú ar an timpeallacht foghlama a chruthú agus a úsáid?

In Aistear agus in Síolta, leagtar béim ar an tionchar a bhíonn ag an timpeallacht, laistigh agus lasmuigh araon, ar an méid a fhoghlaimíonn leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad é. Bíonn timpeallacht foghlama ar ardchaighdeán dúshlánach, spreagthach, oiliúnach agus de shíor ag athrú de réir mar a bhíonn leanaí ag fás agus ag forbairt. Tugtar sa dá chreat smaointe agus moltaí ar an gcaoi chun an timpeallacht foghlama a chruthú agus a úsáid go héifeachtach.

Is ceann de na colúin sa Treoir Chleachtais é *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*. Tá roinnt nasc ag an gcolún seo le colúin eile, lena n-áirítear *Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú*, agus *Foghlaim trí mheán an tsúgartha*. Cuirtear i gcuimhne duit sa réamhrá gairid seo cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis an timpeallacht foghlama, laistigh agus lasmuigh araon, tugtar breac-chuntas ar na hacmhainní atá sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus tugtar moltaí duit ar na bealaí a bhféadfá iad seo a úsáid.

Luaitear sa phrionsabal maidir leis an timpeallacht foghlama in Aistear:

Téann an timpeallacht foghlama (laistigh agus lasmuigh) i bhfeidhm ar na nithe a fhoghlaimíonn leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad. Cuidíonn timpeallacht fháilteach le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann le haghaidh spraoi, rogha, saoirse, eachtraíochta agus dúshláin agus cuidíonn sí leo leas a bhaint as na deiseanna sin. (Prionsabail agus téamaí, 2009, lch. 13).

Admhaítear freisin sa phrionsabal maidir le timpeallachtaí in Síolta:

Bíonn tionchar díreach ag timpeallacht fhisiciúil an pháiste óig ar a f(h)olláine, a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt. (Prionsabail Síolta, 2006, lch. 8).

I gCaighdeán 2 de *Shíolta*, a bhaineann le Timpeallachtaí, moltar timpeallachtaí saibhriúcháin a fhorbairt atá cothabháilte go maith, sábháilte, inrochtana, ar fáil, inoiriúnaithe, iomchuí ó thaobh na forbartha de, agus ina soláthraítear eispéiris éagsúla atá dúshlánach agus spreagúil. Cuirtear ar fáil in Achoimre Thaighde *Síolta* tuilleadh eolais agus tagairtí.

In *Eagrú*, ar straitéis idirghníomhaithe é a dtugtar breac-chuntas air i dTreoirlínte *Aistear*, deirtear faoi *Fhoghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí* (lch. 28) go bhfoghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht atá pleanáilte go maith agus a bhfuil a dóthain acmhainní ar fáil inti. Tá an timpeallacht ionadaíoch do na leanaí ar fad sa suíomh agus déanann sí an fhoghlaim idir dhúshlánach agus thaitneamhach. Trí phleanáil, acmhainní a chur ar fáil agus measúnú, déantar cinntí ar bhonn leanúnach faoi threalamh, ábhair agus daoine sa timpeallacht agus faoi na deiseanna a thugann siad seo do na leanaí. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le plean foriomlán a leagan amach don timpeallacht, is cóir dúshláin laethúla, a bhíonn bunaithe ar ábhair spéise agus ar smaointe na leanaí, a chur san áireamh chomh maith.

Nuair is féidir, is cóir tabhairt ar na leanaí bheith páirteach i struchtúrú na timpeallachta.

Sainaithnítear sa straitéis *An timpeallacht foghlama a struchtúrú (Aistear, Treoirlínte don Dea-Chleachtas, lch. 42)* sé réimse nach mór machnamh a dhéanamh ina leith:

Suíomh – cá bhfuil na daoine agus na nithe

1. Teorainneacha – an chaoi a ndéantar na limistéir a roinnt ina spásanna beaga, ar an toise ceart don leanbh
2. Éagsúlacht – an rogha ábhar agus gníomhaíochtaí atá ar fáil
3. Stóráil – cá gcoinnítear rudaí agus cá bhfuil siad ar taispeáint
4. Am – an méid ama atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí
5. Atmaisféar – suaimhneach, fáilteach, cosúil leis an mbaile, gnóthach.

I dTreoirlínte *Aistear, Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh* (lch. 57), moltar go soláthrófaí réimse acmhainní, lena n-áirítear acmhainní atá dírithe ar an ilchineálacht, an litearthacht agus an uimhearthacht, agus ar thacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar aon le hábhair cheannoscailte.

Leagtar béim sa dá chreat freisin ar a thábhachtaí a bhíonn eispéiris lasmuigh ar bhonn laethúil i ngach cineál aimsire d'fhonn foghlaim agus forbairt na leanaí a chur chun cinn. *Aguisín 1 in Aistear* Tugtar in *Acmhainní don Súgradh* (lgh. 103-106) réimse leathan fearais súgartha shamplacha, roinnt mhaith acu atá nádúrtha, athchúrsáilte agus ar fáil ar chostas íseal. Níl an liosta seo ceaptha bheith ina liosta uileghabhálach, ach chun tú a chur ag smaoineamh.

Na hacmhainní sa cholún seo a úsáid

Cosúil leis na colúin uile sa Treoir Chleachtais, tá cúig chatagóir d'acmhainní in *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*:

1. Uirlisí Féinmheastóireachta
2. Samplaí agus Smaointe don Chleachtas
3. Acmhainní le Comhroinnt
4. Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta
5. Gailearaí.

Tá acmhainní ann a ghabhann le gach aon chatagóir chun tacú leat agus tú ag déanamh do mhachnaimh ar do chleachtas. B'fhéidir gur mhian leat súil a chaitheamh ar na **hUirlisí Féinmheastóireachta** ar dtús d'fhonn cabhrú leat do chuid láidreachtaí a aithint

i dtaobh an timpeallacht foghlama a chruthú agus a úsáid, chomh maith leis na hathruithe a bhreacadh síos is mian leat a dhéanamh. Is ann do dhá cheann acu seo; ceann amháin do na cleachtóirí siúd a oibríonn le leanaí ón mbreith go 3 bliana d'aois agus ceann eile dóibh siúd a oibríonn le leanaí atá 3-6 bliana d'aois. Ina dhiaidh sin, b'fhéidir go mbeadh suim agat breathnú ar shamplaí agus ar smaointe ó chleachtóirí eile. Tiocfaidh tú orthu seo in Eispéiris Foghlama atá nasctha le téamaí *Aistear*, i bpodchraoltaí gairide, i láithreoireachtaí grianghraf, i ngearrthóga físe agus i leidbhileoga praiticiúla sna rannáin *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Acmhainní le Comhroinnt* ag www.aistearsiolta.ie Cabhróidh na *hUirlisí Pleanála Gníomhaíochta* leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh i do shuíomh.